

Olltoghchán 2020

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Shinn Féin agus faoi dhíospóireacht na gceannairí. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat, Gaeilge a chur ar na focail agus ar na frásaí seo a bheidh le cloisteáil inti?

1. complaining
2. campaigning
3. housing and rental policy
4. controversy
5. in light of the latest poll
6. official submission, complaint
7. put before, submit
8. in company with, among



Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2

Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Scríobh achoimre ghearr ar an eolas a thugtar faoi na topaicí seo a leanas:
 - An díospóireacht ar *Prime Time*
 - Mary Lou McDonald i mbun feachtais
 - Pearse Doherty agus RTÉ
 - Ceannairí na bpáirtithe eile
2. Léigh gach achoimre amach don duine in aice leat. An raibh an t-eolas céanna agaibh?

Ceist 3

An t-urú

Tá trí urú dhéag in easnamh sa sliocht thíos den script. Líon isteach anois iad.

Máire T. Ní Mhadaoin

Bail ó Dhia oraibh. Tá sé fógartha go beidh Uachtarán Shinn Féin, Mary Lou McDonald, páirteach sa díospóireacht ar an clár *Prime Time* ar RTÉ san oíche amárach. Bhí an páirtí ag gearán nár tugadh cuireadh di roimhe seo agus nach raibh ach ceannairí Fhine Gael agus Fhianna Fáil le bheith páirteach ann.

Caoimhe Ní Laighin

Uachtarán Shinn Féin amuigh i bun feachtais i Cluain Dolcáin inniu. Bhí sí ag caint ansin faoi pholasaithe tithíochta agus cíosa Shinn Féin. Ach, bhí gach duine ag iarraidh caint faoin conspóid maidir le RTÉ, go háirithe i fianaise na pobalbhreithe is deireanaí, a léirigh go bhfuil Sinn Féin ar comhchéim le Fianna Fáil ó thaobh tacaíochta de, agus, chun tosaigh ar Fhine Gael.

Mary Lou McDonald, Uachtarán Shinn Féin

An rud is tábhachtaí go beadh rogha ag an phobal cén sórt rialtais a bheadh ann agus níl sé *credible* díospóireacht a bheith ann gan Sinn Féin.

Caoimhe Ní Laighin

Chuir Pearse Doherty, Sinn Féin, aighneacht oifigiúil faoi bhráid RTÉ inné maidir leis an ceist seo. Agus d'fhógair RTÉ ar ball go beidís ag tabhairt cuireadh do Mary Lou McDonald a bheith páirteach sa díospóireacht amárach, i comhlúadar cheannairí Fhine Gael agus Fhianna Fáil.

Bhí sé ráite cheana ag Leo Varadkar agus Micheál Martin nach beadh aon fhadhb acu dá beadh sí páirteach ann. Tá cuireadh tugtha anois freisin do cheannairí na páirtithe eile. Chuir Páirtí an Lucht Oibre fáilte roimh an cinneadh sin inniu.

Ceist 4

Na tuisil

Aimsigh sampla amháin de gach tuiséal san abairt thíos agus líon isteach iad sna spásanna cuí sa tábla.

‘A Sheáin, cén fáth ar scríobh an mac léinn an aiste sin faoi chogadh na hEorpa, agus cén fáth ar chuir sí an aiste ar an mbord?

An tuiséal ainmneach	
An tuiséal gairmeach	
An tuiséal tabharthach	
An tuiséal ginideach	
An tuiséal cuspóireach	

Féach ar na habairtí thíos. Cén tuiséal atá i gceist leis na hainmfhocail a bhfuil líne fúthu?

1. Shiúil an buachaill amach as an seomra.
2. Scríobh Máire nóta sa leabhar comhbhróin.
3. A Mháire, cén fáth ar scríobh tú an nóta?
4. Rugadh Tommy in Albain.
5. Tá an t-uisce sin truailithe.
6. Thit Connor ina chodladh le linn an ranga.
7. Tá m'athair ina chónaí sna Stáit Aontaithe anois.
8. Rinne Cian an obair tamall ó shin.
9. Beidh an cluiche peile ar siúl amárach.
10. Tá an pláta ar an mbord.

Ceist 5 Comhchiallaigh

Bhí comhchiallaigh na bhfocal agus na bhfrásaí seo a leanas le cloisteáil sa mhír. Cad iad?

- ag clamhsán
- de bharr
- is déanaí
- gob ar ghob
- i measc

Ceist 6 Tá díospóireacht cheannairí mhórpháirtithe polaitíochta na hÉireann thart anois. Pléigh a bhfuil ar eolas agat faoi thorthaí na díospóireachta sin leis an duine in aice leat.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- | | |
|-----------------------------------|--|
| 1. complaining | <i>ag gearán</i> |
| 2. campaigning | <i>i mbun feachtais</i> |
| 3. housing and rental policy | <i>polasaí tithíochta agus cíosa</i> |
| 4. controversy | <i>conspóid</i> |
| 5. in light of the latest poll | <i>i bhfianaise na pobalbhreithe is déanaí</i> |
| 6. official submission, complaint | <i>aighneacht oifigiúil</i> |
| 7. put before, submit | <i>cuir faoi bhráid</i> |
| 8. in company with, among | <i>i gcomhlúadar</i> |

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Máire T. Ní Mhadaoin

Bail ó Dhia oraibh. Tá sé fógartha go mbeidh Uachtarán Shinn Féin, Mary Lou McDonald, páirteach sa díospóireacht ar an **gclár Prime Time** ar RTÉ san oíche amárach. Bhí an páirtí ag gearán nár tugadh cuireadh di roimhe seo agus nach raibh ach ceannairí Fhine Gael agus Fhianna Fáil le bheith páirteach ann.

Caoimhe Ní Laighin

Uachtarán Shinn Féin amuigh i **mbun feachtais** i **gCluain Dolcáin** inniu. Bhí sí ag caint ansin faoi pholasaithe tithíochta agus cíosa Shinn Féin. Ach, bhí gach duine ag iarraidh caint faoin **gconspóid** maidir le RTÉ, go háirithe i **bhfianaise** na pobalbhreithe is deireanaí, a léirigh go bhfuil Sinn Féin ar comhchéim le Fianna Fáil ó thaobh tacaíochta de, agus, chun tosaigh ar Fhine Gael.

Mary Lou McDonald, Uachtarán Shinn Féin

An rud is tábhachtaí go mbeadh rogha ag an phobal cén sórt rialtais a bheadh ann agus níl sé *credible* díospóireacht a bheith ann gan Sinn Féin.

Caoimhe Ní Laighin

Chuir Pearse Doherty, Sinn Féin, aighneacht oifigiúil faoi bhráid RTÉ inné maidir leis an **gceist** seo. Agus d'fhógair RTÉ ar ball go mbeidís ag tabhairt cuireadh do Mary Lou McDonald a bheith páirteach sa díospóireacht amárach, i **gcomhlúadar** cheannairí Fhine Gael agus Fhianna Fáil.

Bhí sé ráite cheana ag Leo Varadkar agus Micheál Martin nach mbeadh aon fhadhb acu dá mbeadh sí páirteach ann. Tá cuireadh tugtha anois freisin do cheannairí na **bpáirtithe** eile. Chuir Páirtí an Lucht Oibre fáilte roimh an **gcinneadh** sin inniu.

Ceist 4

An tuiseal ainmneach	an mac léinn
An tuiseal gairmeach	A Sheáin
An tuiseal tabharthach	ar an mbord
An tuiseal ginideach	na hEorpa
An tuiseal cuspóireach	an aiste

1. Shiúil an buachaill amach as an seomra.
An tuiseal ainmneach.
2. Scríobh Máire nóta sa leabhar comhbhróin.
An tuiseal tabharthach.
3. A Mháire, cén fáth ar scríobh tú an nóta?
An tuiseal gairmeach.
4. Rugadh Tommy in Albain.

- An tuiseal tabharthach.
5. Tá an t-uisce sin truailithe.
An tuiseal ainmneach.
 6. Thit Connor ina chodladh le linn an ranga.
An tuiseal ginideach.
 7. Tá m'athair ina chónaí sna Stáit Aontaithe anois.
An tuiseal ainmneach.
 8. Rinne Cian an obair tamall ó shin.
An tuiseal cuspóireach.
 9. Beidh an cluiche peile ar siúl amárach.
An tuiseal ginideach.
 10. Tá an pláta ar an mbord.
An tuiseal tabharthach.

Ceist 5

ag clamhsán – *ag gearán*
de bharr – *i bhfianaise*
is déanaí – *is deireanaí*
gob ar ghob – *ar comhchéim*
i measc – *i gcomhlúadar*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin an topaic a phlé leis an rang iomlán.

Máire T. Ní Mhadaoin

Bail ó Dhia oraibh. Tá sé fógartha go mbeidh Uachtarán Shinn Féin, Mary Lou McDonald, páirteach sa díospóireacht ar an gclár *Prime Time* ar RTÉ san oíche amárach. Bhí an páirtí ag gearán nár tugadh cuireadh di roimhe seo agus nach raibh ach ceannairí Fhine Gael agus Fhianna Fáil le bheith páirteach ann.

Caoimhe Ní Laighin

Uachtarán Shinn Féin amuigh i mbun feachtais i gCluain Dolcáin inniu. Bhí sí ag caint ansin faoi pholasaí tithíochta agus cíosa Shinn Féin. Ach, bhí gach duine ag iarraidh caint faoin gconspóid maidir le RTÉ, go háirithe i bhfianaise na pobalbhreithe is deireanaí, a léirigh go bhfuil Sinn Féin ar comhchéim le Fianna Fáil ó thaobh tacaíochta de, agus, chun tosaigh ar Fhine Gael.

Mary Lou McDonald, Uachtarán Shinn Féin

An rud is tábhachtaí go mbeadh rogha ag an phobal... cén sórt rialtais a bheadh ann agus níl sé *credible*¹ díospóireacht a bheith ann gan Sinn Féin.

Caoimhe Ní Laighin

Chuir Pearse Doherty, Sinn Féin, aighneacht oifigiúil faoi bhráid RTÉ inné maidir leis an gceist seo. Agus d'fhógair RTÉ ar ball go mbeidís ag tabhairt cuireadh do Mary Lou McDonald a bheith páirteach sa díospóireacht amárach, i gcomhlúadar cheannairí Fhine Gael agus Fhianna Fáil.

Bhí sé ráite cheana ag Leo Varadkar agus Micheál Martin nach mbeadh aon fhadhb acu dá mbeadh sí páirteach ann. Tá cuireadh tugtha anois freisin do cheannairí na bpáirtithe eile. Chuir Páirtí an Lucht Oibre fáilte roimh an gcinneadh sin inniu.

Brendan Howlin, Ceannaire Pháirtí an Lucht Oibre

Ba chóir go mbeadh an páirtí, ár bpáirtí, ag glacadh páirte² sa díospóireacht chomh maith, chun go mbeadh gach páirtí ag tabhairt a thuairime os comhair na ndaoine roimh dheireadh na seachtaine seo.

Beidh an díospóireacht ar an gclár *Prime Time* san oíche amárach.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4

¹ *inchreidte* an leagan Gaeilge

² *ag páirtghlacadh* a dúradh